# Ó Chuspóir go Cleachtas – Forbairtí ar Churaclam na Bunscoile in Éirinn

## Machnamh ón bPainéal Comhairleach (Bunscoil)

Eanáir 2022

NCCA
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

Hayward, L., Spillane, J., Walsh, T. agus Wyse, D. (2022). *Ó Chuspóir go Cleachtas – Forbairtí ar Churaclam na Bunscoile in Éirinn: Machnamh ón bPainéal Comhairleach (Bunscoil).* Arna fhorbairt i gcomhar leis an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta agus arna mhaoiniú aici. Baile Átha Cliath: An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta.

# An Clár Ábhar

BROLLACH .................... 3

RÉAMHRÁ .................... 5

CUID 1: CURACLAM NA BUNSCOILE A ATHFHORBAIRT .................... 7

Forléargas ar Athbhreithniú agus Athfhorbairt Churaclam na Bunscoile 7

Na Naisc idir an Curaclam, Oideolaíocht agus Measúnú 12

Neamhspleáchas 16

CUID 2: CUIR I BHFEIDHM AN CHURACLAIM A CHUMASÚ .................... 19

Beartas, Cleachtas agus Taighde a Ailíniú 19

Ceannaireacht 22

Foghlaim - Croí an Churaclaim, na hOideolaíochta agus an Mheasúnaithe 25

Focail scoir 28

LIOSTA NA DTAGAIRTÍ .................... 29

## Brollach

Tá athbhreithniú ardleibhéil ar scála mór á dhéanamh ag CNCM ar *Curaclam na Bunscoile* (1999) i láthair na huaire. Is deis thábhachtach í an obair seo chun ceisteanna bunúsacha a chur maidir leis an méid ar cheart do churaclam a dhéanamh agus na rudaí a bhfuil gá ann go ndéanfadh sé, do pháistí i dtús báire, agus do mhúinteoirí, do cheannairí scoile, do thuismitheoirí agus don tsochaí mar a théimid níos faide isteach sa 21ú haois.

Chuir CNCM an Painéal Comhairleach (Bunscoil) ar bun i mí an Mhárta 2020 chun tacú leis an bpróiseas a bhaineann leis na smaointe lárnacha atá le feiceáil in *Dréachtchreat Curaclaim na Bunscoile* (CNCM, 2020) a chur san áireamh sa churaclam athfhorbartha. Tá a gcuid saineolais i ndearadh, forbairt, athrú agus cur i bhfeidhm an churaclaim á roinnt ag comhaltaí an phainéil leis an bhFeidhmeannas agus leis na príomhpháirtithe leasmhara. Is doiciméad comhoibríoch é *Ó Chuspóir go Cleachtas* a easraíonn as an obair seo agus tá sé beartaithe go dtacóidh sé le páirtithe leasmhara bheith rannpháirteach leis na 'smaointe móra' a bhaineann le hathrú an churaclaim, agus chun cabhrú le próiseas na hathfhorbartha curaclaim a mhúnlú.

Tá ceathrar ar an bpainéal:

- An tOllamh Louise Hayward (Ollscoil Ghlaschú)
- An tOllamh James Spillane (Ollscoil Northwestern, Chicago)
- An Dr Thomas Walsh (Ollscoil Mhá Nuad)
- An tOllamh Dominic Wise (Coláiste na hOllscoile, Londain).

Bhí athbhreithniú á dhéanamh ag na painéalaithe ar na moltaí laistigh de *Dréachtchreat Curaclaim na Bunscoile* (CNCM, 2020) le linn 2020 agus machnamh á dhéanamh acu maidir leis an tionchar a d'fhéadfaí bheith aige ar pháistí agus earnáil na bunscolaíochta go ginearálta, agus doiciméid ardchaighdeáin agus cur i láthair á dtabhairt chun tacú le rannpháirtíocht páirtithe leasmhara tríd an mBord don Luath-Óige agus don Bhunscoil.

**Fíor 1: *Dréachtchreat Curaclaim na Bunscoile***



Tugann an doiciméad seo léargais ar chómhachnamh na bpainéalaithe maidir le gnéithe dúshlánacha an churaclaim amhail an oideolaíocht, measúnú, ceannaireacht, agus fís an mhúinteora ghníomhaíoch agus an pháiste ghníomhaíoch. Díríodh aird an phainéil ar na tosca córais a thacaíonn leis an athrú chomh maith, ionas go léireodh an doiciméad bealach féideartha chun cinn do gach duine atá rannpháirteach sa chóras oideachais, ceann atá bunaithe ar an gcoincheap a bhaineann le gach duine *ag foghlaim le chéile* mar a chuirtear forbairtí chun cinn agus i bhfeidhm.

Cuirimid fáilte roimh léitheoirí bheith rannpháirteach i roinnt obair mhachnamhach agus muid ag smaoineamh le chéile maidir leis na saincheisteanna a ardaíonn *Dréachtchreat Curaclaim na Bunscoile* (CNCM, 2020). Agus é seo ar fad san áireamh, tá ceisteanna i ngach roinn den doiciméad comhoibríoch a ligeann duit machnamh a dhéanamh agus do chuid smaointeoireachta a threorú. Táimid ag tnúth le do chuid dearcthaí maidir leis na smaointe atá sa doiciméad seo a fháil.

# Réamhrá

Léiríonn *Curaclam na Bunscoile* Éireann,[1] a tugadh isteach i 1999, breis agus 20 bliain d'oideachas rathúil. Mar gheall ar fhorbairtí san oideachas go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta, áfach, tá gá ann le todhchaí pháistí agus shaoránaigh na hÉireann a athshamhlú. Díríonn an doiciméad seo ar an mbealach ar féidir leis an gcleachtas i ngach scoil in Éirinn neart na haimsire atá caite a fhorbairt agus aghaidh a thabhairt ar dhúshláin óna dtiocfaidh fís nua do churaclam na bunscolaíochta mar a leagtar amach in *Dréachtchreat Curaclaim na Bunscoile*.[2]


Tugann an chéad chuid den doiciméad breac-chuntas ar an bhfís don todhchaí a múnlaíodh go cúramach le blianta beaga anuas. Léifidh tú maidir leis an tionchar a d'imir taighde nua agus beartais agus cleachtais nuálacha, atá sainiúil do chomhthéacs na hÉireann, ar an machnamh maidir leis an gcuraclam sa chuid seo. Ceann de na teachtaireachtaí is tábhachtaí ná go bhfuil sé riachtanach go mbeadh an curaclam, an oideolaíocht agus an measúnú ag teacht lena chéile chun oideachas den chéad scoth a chur ar fáil. Ní bhainfear tionchar an churaclaim amach ach amháin má bheidh na foghlaimeoirí agus múinteoirí páirteach leis. Tá neamhspleáchas na bpáistí agus na múinteoirí ríthábhachtach ionas go n-éireoidh le haon fhorbairt nua, rud ar a leagtar béim air sa roinn dheireanach de chuid a haon an doiciméid seo.

Tugann an dara cuid den doiciméad treoir maidir leis an bplean agus na dúshláin a bheidh ann. Cé go dtuigtear gurb í foghlaim na bpáistí an ní is tábhachtaí, tá gá le hathrú rathúil ar an gcuraclam go mbeadh *gach* páirtí leasmhar ina fhoghlaimeoir. Beidh féinmhachnamh gairmiúil le deiseanna chun bheith rannpháirteach le smaointe nua lárnach sa rath. Tá an obair maidir leis an *Dréachtchreat Curaclaim na Bunscoile* bunaithe go mór ar thaighde, go háirithe taighde nua ó bhí 1999 ann. Ach ní leor an taighde leis féin. Ní mór go mbeadh an taighde, beartais agus cleachtais ag teacht le chéile go daingean chun na torthaí is fearr a bhaint amach. Agus ar deireadh, teastaíonn scil agus gaoise na ceannaireachta ó fhoghlaim na bpáistí, oideolaíocht na múinteoirí agus rannpháirtíocht an phobail áitiúil. Tá an cheannaireacht seo le fáil i measc na ndaoine sa chóras ach is príomhfhreagracht de chuid na bpríomhoidí, na gceannairí curaclaim agus na ndéantóir beartais é chomh maith.

Tá fís agus prionsabail (féach Fíor 2 thíos) an churaclaim athfhorbartha soiléir agus spreagthach–anois an t-am chun na bearta seo a dhéanamh: foghlaim nua do gach páiste in Éirinn a fhorbairt, rud a bheidh ina mhúnla cumhachtach lenar féidir le tíortha foghlaim freisin.

[1] ROS, Curaclam na Bunscoile.
[2] CNCM, Dréachtchreat Curaclaim na Bunscoile. Tugtar 'an creat' air sa chuid eile den doiciméad seo.

**Fíor 2:** ***Prionsabail i nDréachtchreat Curaclaim na Bunscoile***



# Cuid 1: Curaclam na Bunscoile a Athfhorbairt

## Forléargas ar Athbhreithniú agus Athfhorbairt Churaclam na Bunscoile

Rinneadh trí mhór-athrú ar an gcuraclam náisiúnta i mbunscoileanna na hÉireann ó bhain Éire neamhspleáchas polaitiúil amach 100 bliain ó shin: i 1922 (arna uasdátú in 1926), i 1971 (an curaclam 'Nua') agus i 1999 (an curaclam 'Leasaithe').[3] Léirigh na mór-athruithe seo ar an gcuraclam dearcthaí na sochaí maidir leis an oideolaíocht, páistí/an óige, agus caighdeáin an oideachais. Bhain an cur chuige traidisiúnta i leith fhorbairt an churaclaim le linn na dtréimhsí seo le curaclam lárnaithe mionsonraithe saintreorach a dhéanamh, arna chur i bhfeidhm ag múinteoirí laistigh de na scoileanna cé go raibh solúbthacht ann don oiriúnú áitiúil freisin.

Rinneadh cur chun cinn suntasach sa réimse leathan taighde a bhaineann le foghlaim agus forbairt na bpáistí ó foilsíodh *Curaclam na Bunscoile* i 1999 agus tá chuid mhaith den taighde nua seo le fáil in *Curaclam Teanga na Bunscoile* a foilsíodh le deanaí.[4] Tá an tsochaí athraithe go mór chomh maith agus tá athrú ar ionchais na sochaí maidir leis an gcóras oideachais le blianta beaga anuas. Tá éilimh déanta ar thábhacht réimsí den churaclam, amhail Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte (OSPS) agus Corpoideachais, a aithint agus an t-am a thugtar dóibh sa churaclam a mhéadú, mar shampla. Tugadh moltaí chomh maith i gcomhair gnéithe nua foghlama amhail Códú agus Smaointeoireacht Ríomhaireachtúil, Oideachas faoi Reiligiúin agus faoi Chreidimh (ORC) agus Eitic, Nuatheangacha Iasachta, mar aon le béim níos mó ar an bhFolláine.

Bhain an próiseas i dtaobh fhorbairt *Dhréachtchreat Curaclaim na Bunscoile* as cur chuige difriúil maidir le hiarrachtaí forbartha curaclaim i réanna eile agus é ag iarraidh go mbeadh páirtithe leasmhara ar fud an chórais bheith rannpháirteach ina dhearadh. Is athrú suntasach é an t-aistriú ó churaclam saintreorach go creatchuraclam ag leibhéal na bunscoile. Foilsíodh an dréachtchreat i gcomhair comhairliúcháin i mí Feabhra 2020 agus é ag aithint an gá atá ann chun machnamh a dhéanamh ar athruithe sa tsochaí agus taighde nua, agus dul i ngleic leo. Léirítear a bhfuil tábhachtach in oideachas na bunscoile sa dréachtchreat agus an chúis atá leis sin (fís agus prionsabail) agus déantar cás ar son na rudaí ar cheart tús áite a thabhairt dóibh i bhfoghlaim an pháiste.

Léirigh foilsiú an dréachtchreata nach mór deich mbliana d'obair CNCM agus a pháirtithe leasmhara timpeall trí phríomhghné: taighde agus seimineáir; comhairliúchán; agus rannpháirtíocht leis an bhFóram Scoileanna. Fiosraítear gach ceann díobh seo thíos.

---

[3] Walsh, Primary Education in Ireland 1897-1990.
[4] ROS, Curaclam Teanga na Bunscoile.

## Taighde agus Seimineáir CNCM

Na chéad chéimeanna a bhain le próiseas athfhorbartha an churaclaim ná taighde a bhain le cur i bhfeidhm *Churaclam na Bunscoile*.[5] Cuireadh luas faoin obair athfhorbartha in 2011 nuair a thug CNCM cuireadh dóibh siúd a bhí páirteach san oideachas bunscoile a gcuid tosaíochtaí don bhunscolaíocht a léiriú.[6] Tháinig sé phríomhthosaíocht a chun solais as an rannpháirtíocht le 960 freagróir. Ba mhúinteoirí (71%) nó tuismitheoirí (19%) iad formhór na bhfreagróirí (féach Fíor 3 thíos). Ina measc seo bhí fócas ar scileanna agus meonta saoil, agus tús áite fholláine na bpáistí mar bhunús don fhoghlaim.

**Fíor 3: Tosaíochtaí don Oideachas Bunscoile – Léirigh do chuid tuairimí (2011)**




Choimisiúnaigh CNCM 14 pháipéar taighde[7] ó thaighdeoirí in Éirinn agus tíortha eile idir 2018 agus 2020 chun bonn eolais a chur faoin bpróiseas athfhorbartha. Dhírigh na páipéir seo ar na príomh-shaincheisteanna amhail measúnú; inniúlachtaí; oideolaíocht; comhtháthú; agus aistriú. Rinne an obair seo léirmheas ar an mbeartas agus cleachtas idirnáisiúnta i bpríomhghnéithe sholáthar an churaclaim.

Chomh maith leis an taighde seo a raibh baint dhíreach aige le forbairt an dréachtchreata, bhain taighde sna réimsí seo le straitéisí ROS nó iarratais ón Aire agus cuireadh isteach é mar chuid den taighde níos leithne a chuir bonn eolais faoi thograí foilsithe.[8] Leagann sampla de seo, Straitéis ROS, *Litearthacht agus Uimhearthacht don Fhoghlaim agus don Saol*[9] clár oibre um leasú curaclaim amach. D'iarr sé ar CNCM tús a chur le hathfhorbairt churaclam na bunscoile i dtaca le Teangacha (Gaeilge agus Béarla)[10] agus ansin leis an Matamaitic.[11] Á mhúnlú ag an gclár ama sa straitéis, leanadh den obair sin sula ndearnadh athbhreithniú trí chéile ar churaclam na bunscoile agus tá bonn eolais curtha ag an taighde ar na hábhair curaclaim seo faoi athfhorbairt níos leithne an churaclaim. Bhíothas cúramach chun a chinntiú gur choinnigh forbairtí ar an gcuraclam iomlán a iontaofacht fad is a d'fhorbair siad an obair a bhí déanta i dtaca le teangacha agus matamaitic.

[5] CNCM, Athbhreithniú ar Churaclam na Bunscoile, Céim 1. Athbhreithniú ar Churaclam na Bunscoile, Céim 2.
[6] CNCM, Priorities in Primary Education?
[7]Féach: https://ncca.ie/ga/bunscoil/bunfhorbairt%C3%AD/comhairli%C3%BAch%C3%A1n-ar-an-dr%C3%A9achtchreat-curaclaim-na-bunscoile/taighde-agus-foilseach%C3%A1in/.
[8] Féach: https://ncca.ie/ga/bunscoil/bunfhorbairt%C3%AD/
[9] ROS, Litearthacht agus Uimhearthacht don Fhoghlaim agus don Saol.
[10] CNCM, Curaclam Teanga na Bunscoile.
[11] CNCM, Dréachtchuraclam Matamaitice na Bunscoile: Naíonáin Shóisearacha go Rang a Dó).

Cuireadh páipéir taighde CNCM,[12] a forbraíodh chun tacú le rannpháirtíocht páirtithe leasmhara i múnlú na dtograí don dréachtchreat, i láthair agus pléadh iad ag cúig sheimineár ar an gcuraclam arna n-óstáil ag CNCM idir Márta 2018 agus Eanáir 2019. D'fhreastail páirtithe leasmhara ionadaíocha ó gach leibhéal den chóras orthu seo agus scag CNCM na príomh-shaincheisteanna ó na seimineáir seo chun bonn eolais a chur faoi phróiseas dréachtaithe an churaclaim.[13] I ndiaidh ullmhúchán an dréachtchreata, thug CNCM cuireadh do pháirtithe leasmhara ó chomhpháirtíochtaí, gníomhaireachtaí agus eagraíochtaí ag a bhfuil lámh nó leas i gcuraclam na bunscoile, teacht chuig na seimineáir *'Leading Out'* (féach Fíor 4 thíos). Dearadh na seimineáir seo chun páirtithe leasmhara a thabhairt le chéile chun gníomhartha riachtanacha chun tacú le tosca an athraithe curaclaim i mbunscoileanna a fhiosrú, a aithint agus a tús a chur leis an obair. Feicfear toradh na hoibre seo amach anseo fad is a fhorbraítear an curaclam agus é á chur i ngnímh i scoileanna.

**Fíor 4: Seimineáir ar an gCuraclam agus *'Leading Out'***




[12] Féach: https://ncca.ie/ga/bunscoil/bunfhorbairt%C3%AD/comhairli%C3%BAch%C3%A1n-ar-an-dr%C3%A9achtchreat-curaclaim-na-bunscoile/taighde-agus-foilseach%C3%A1in/.
[13] CNCM, Report of Main Findings from Parents on the Review and Redevelopment of the Primary Curriculum.

## Comhairliúcháin

Bhí an comhairliúchán le réimse leathan comhpháirtithe agus páirtithe leasmhara leis na seimineáir (fhisiceacha agus dhigiteacha) ar an gcuraclam ina phríomhchuid den phróiseas athfhorbartha. Foilsíodh doiciméad comhairleach maidir leis an leithdháiltí ama agus struchtúr do churaclam athfhorbartha in 2016.[14] Ba é toradh na hoibre comhairlí tosaigh, a foilsíodh in 2018,[15] a spreag dearadh an dréachtchreata. I measc na hoibre athfhorbartha bhí comhairliúcháin le tuismitheoirí[16] agus sraith comhairliúchán le páistí.[17] Bhí réimse comhairliúchán le blianta beaga anuas chomh maith ar ghnéithe áirithe den churaclam, lena n-áirítear ORC agus Eitic,[18] Códú,[19] *Curaclam Teanga na Bunscoile*,[20] agus Dréachtchuraclam Matamaitice na Bunscoile.[21]

Tá athmhachnamh déanta ag CNCM ar na hamlínte i gcomhair comhairliúcháin ar an dréachtchreat, a bhí beartaithe le críochnú i Nollaig 2020, de bharr phaindéim COVID-19. De bharr na dtosca i scoileanna, cuireadh tús le céim eile comhairliúcháin a dhíríonn ar nasc a dhéanamh le múinteoirí, ceannairí scoile, tuismitheoirí agus páistí i bhFómhar/ Geimhreadh 2021, agus leanfaidh sé ar aghaidh le linn 2022. Tá sé beartaithe go bhfoilseofar an *Creatchuraclam Bunscoile* deiridh ag tús 2023 agus tiocfaidh forbairt ar an tsonraíocht sna blianta ina dhiaidh sin.

## Fóram Scoileanna

Bhí an rannpháirtíocht le múinteoirí agus príomhoidí leis an bhFóram Scoileanna[22] ríthábhachtach sa phróiseas athfhorbartha. Tá 60 naíonra, bunscoil agus iarbhunscoil ó gach cearn d'Éirinn san Fhóram a chuir fóram comhairleach forbraíochta ar fáil do na tograí a leagtar amach sa dréachtchreat. Le linn chruinnithe an Fhóraim, cíorann na múinteoirí agus na príomhoidí smaointe ón taighde agus téann a dtaithí féin ón scoil i bhfeidhm ar an bplé ar churaclam bunscoile athfhorbartha. Sa chur chuige seo tá múinteoirí agus scoileanna i gcroílár fhorbairt an churaclaim agus is cabhair é ó thaobh na smaointe le haghaidh curaclam athfhorbartha a bhunú ar an oideachas bunscoile in Éirinn mar atá sé, ach é a bheith uaillmhianach go leor ag an am céanna. Leanfaidh an obair leis an bhFóram ar aghaidh fad is a théann na forbairtí a bhaineann leis an gcuraclam bunscoile chun cinn.

[14] CNCM, Structure and Time Allocation in a Redeveloped Primary Curriculum.
[15] CNCM, Consultation on Curriculum Structure and Time Final Report.
[16] CNCM, Synthesis Report on Stakeholder Curriculum Seminars.
[17] CNCM, Consulting with Children: Child Voice in Curriculum Developments.
[18] CNCM, Proposals for a Curriculum in Education about Religions and Beliefs (ERB) and Ethics.
[19] CNCM, Final Report on the Coding in Primary Schools Initiative.
[20] CNCM, Primary Language Curriculum/Curaclam Teanga na Bunscoile Report on the consultation on the draft curriculum for Stage 3 and 4/Céim 3 agus 4.
[21] CNCM, Consultation Report on the Primary Mathematics Curriculum for Junior Infants to Second Class.
[22] Féach: https://ncca.ie/ga/bunscoil/bunfhorbairt%C3%AD/comhairli%C3%BAch%C3%A1n-ar-an-dr%C3%A9achtchreat-curaclaim-na-bunscoile/f%C3%B3ram-scoileanna/.

**Fíor 5:** An Fóram Scoileanna



**Cliceáil ar an bhfíseán thíos d'achoimre ar na príomhphointí sa chuid seo le do thoil**



## Na Naisc idir an Curaclam, Oideolaíocht agus Measúnú

Molann an dréachtchreat gur cheart go bhforbródh páistí sa bhunscoil eolas, coincheapa, scileanna, tuiscint, luachanna, dearcthaí agus meonta i gcúig réimse: Teanga; Oideachas Matamaitice, Eolaíochta agus Teicneolaíochta; Folláine; Oideachas Ealaíon; agus Oideachas Sóisialta agus Imshaoil. Anuas orthu seo, cuireann pátrúin scoile teagasc ar fáil a bhaineann le hOideachas Reiligiúnach/Eiticiúil/Ilchreidmheach le linn an lae scoile de réir éiteas a scoile féin. Léirítear na hinniúlachtaí níos leithne (féach Fíor 6) ar cheart go bhforbródh páistí iad mar a théann siad i ngleic leis na réimsí seo sna cuir chuige maidir leis an bhfoghlaim a spreagann iad chun: bheith ina saoránaigh gníomhacha; bheith cruthaitheach agus iad ag foghlaim; bheith folláine agus folláine a chothú i ndaoine eile; agus a gcuid scileanna a thuiscint agus a fhorbairt agus iad ag foghlaim. Chomh maith leis sin, moltar go dtacófar leo tuiscint a fháil ar na bealaí ina bhfuil cumarsáid, tuiscint mhatamaiticiúil agus uirlisí digiteacha mar chuid de gach réimse den churaclam, ag comhtháthú réimsí éagsúla an churaclaim ar bhealaí a léiríonn taithí ar an bhfíorshaol.

**Fíor 6: Príomhinniúlachtaí *Dréachtchreat Curaclaim na Bunscoile***




Baineann na hinniúlachtaí seo a cheanglaíonn an curaclam, oideolaíocht agus measúnú le chéile go dlúth leis an bealaí lena ndeartar taithí foghlama. Mar shampla, ní dócha go gcruthófar saoránach gníomhach má úsáidtear oideolaíocht ina n-oibrítear go haonarach le téacsleabhar; ní dócha go spreagfar cruthaitheacht má chuirtear róbhéim ar dhéanamh bileog oibre; ní dócha go neartófar cumas páiste machnamh a dhéanamh ar a gcuid foghlama féin má insítear dóibh i gcónaí céard atá le déanamh ina dhiaidh sin. Níl na hoideolaíochtaí seo go hiomlán mícheart ach ní dócha go n-éascóidh siad naisc idir an curaclam, oideolaíocht agus measúnú atá mar chuid de struchtúr an dréachtchreata. Anuas air sin, ní dócha go dtacóidh na gníomhaíochtaí seo fís na hoideolaíochta bunaithe ar idirghníomhaíochtaí ardchaighdeáin idir an duine fásta agus an páiste agus i measc na bpáistí mar atá sa dréachtchreat.

Aithníonn an dréachtchreat nach mbíonn cúrsaí foghlama líneach i gcónaí agus nach ndéanann daoine óga dul chun cinn ar bhealaí néata seasmhacha. Mar sin de, cuirtear an dréachtchreat i láthair in dhá shraith leathana foghlama: Céim 1 agus Céim 2 (naíonáin go dtí rang a dó) agus Céim 3 agus Céim 4 (rang a trí go dtí ranga a sé). Forbraíonn Céim 1 agus Céim 2 foghlaim na bpáistí i réimse suíomhanna luath-óige arna dtacú le *Aistear: Creatchuraclam na Luath-óige*. I gcás na gcéimeanna seo, cuireann an dréachtchreat struchtúr curaclaim chomhtháite i láthair a thacaíonn le leanúnachas i dtaithí na bpáistí a chinntiú agus a fhorbraíonn buneolas, scileanna agus meonta a thacaíonn leis an dul chun cinn i dtreo curaclam atá bunaithe ar ábhair i gCéim 3 agus Céim 4. Cuireann sé seo cothromaíocht mhaith ar fáil idir creat le haghaidh dul chun cinn ina bhfuil ionchais maidir le céimeanna leathana forbartha fad is a ligtear d'fhoghlaimeoirí aonair dul chun cinn éagsúil a dhéanamh i ngnéithe éagsúla an churaclaim.

Díríonn an dréachtchreat ar an bhfoghlaim go príomha. Ionas go mbeidh deiseanna le haghaidh foghlaim ardchaighdeáin, ba cheart go dtiocfadh an curaclam, oideolaíocht agus measúnú lena chéile. Tosaíonn sé seo leis an gcuraclam, toisc gurb é an curaclam a léiríonn na nithe atá tábhachtach go bhfoghlaimeodh na páistí iad. Tabharfaidh oideolaíocht a thagann leis an gcuraclam réimse cur chuige do pháistí ionas go mbeidh siad in ann foghlaim. Má thagann an measúnú leis an gcuraclam agus oideolaíocht, déanfaidh sé iarracht dul chun cinn an pháiste maidir leis an gcuraclam a fháil amach agus úsáidfear an fhaisnéis sin chun tacú le dul chun cinn foghlama an pháiste ina dhiaidh sin. Mar a deir an dréachtchreat:

> *Agus é ag tarraingt ar na príomhsmaointe in Measúnú i gCuraclam na Bunscoile: Treoirlínte do Scoileanna (CNCM, 2007), tacaíonn measúnú sa churaclam athfhorbartha le dul chun cinn gach páiste i dtreo fhís an churaclaim.*[23]


Tá an smaoineamh go dtacaíonn an measúnú le dul chun cinn gach páiste lárnach sa ról atá beartaithe don mheasúnú sa churaclam athfhorbartha. Úsáidtear measúnú chun réimse leathan feidhmeanna a chomhlíonadh, mar shampla, chun bonn eolais a chur faoin bhfoghlaim; chun an teagasc a dhíriú; chun faisnéis a roinnt le tuismitheoirí nó leo siúd a bheidh ina múinteoirí ar an bpáiste; chun faisnéis a chur ar fáil ag leibhéal na scoile, nó an náisiúin, maidir leis an oideachas. Aithnítear na feidhmeanna éagsúla ar fad seo sa dréachtchreat, ina n-aithnítear an measúnú mar 'c[h]uid dhílis den teagasc agus den fhoghlaim' agus a chuireann 'faisnéis ar fáil do pháirtithe leasmhara éagsúla'.[24] Mar sin féin, cé gur féidir an measúnú a úsáid chun réimse leathan feidhmeanna a chomhlíonadh, tá dhá phríomhfheidhm aige: foghlaim nó breithiúnas.[25] Tá an fhoghlaim ag croílár an dréachtchreata, agus beidh ról lárnach ag forbairt cultúir mheasúnaithe a dhíríonn go soiléir ar an bhfoghlaim i gcruthú cultúr foghlama iontaofa. Tá fianaise idirnáisiúnta ann[26] a thugann le fios go mbíonn an lámh in uachtar ag feidhm an bhreithiúnais go minic nuair a dhéantar iarracht go gcomhlíonfadh an measúnú an dá fheidhm, rud a ruaigeann an aidhm go dtacódh

[23] CNCM, Dréachtchreat Curaclaim na Bunscoile.
[24] CNCM, Dréachtchreat Curaclaim na Bunscoile.
[25] Hayward, Assessment is learning: the preposition vanishes.
[26] Wyse, Hayward, agus Pandya, SAGE Handbook of Curriculum, Pedagogy and Assessment.

fianaise an mheasúnaithe leis an bhfoghlaim. Is fíor sin d'fhoghlaimeoirí, do mhúinteoirí, do scoileanna agus do chórais oideachais. Beidh sé tábhachtach faisnéis a bhailiú in Éirinn chun é a úsáid ag leibhéal an chórais ar bhealaí a thagann le 'spiorad' an fhócais atá ag an dréachtchreat ar an bhfoghlaim. Leis seo, seachnófar cúliarmhairt gan choinne nuair a dhírítear ar bhailiú na fianaise chun bonn eolais a chur faoi bhreithiúnas ar pháistí nó scoileanna in ionad an fhianaise a úsáid chun foghlaim foghlaimeoir aonair, seomra ranga, scoile nó náisiúin a fheabhsú.

Tá dhá shaincheist ann a bhfuil tábhacht faoi leith ag baint leo i dtaobh an chuir chuige maidir leis an measúnú molta sa dréachtchreat. Is iad na páistí na páirtithe leasmhara is tábhachtaí agus ní mór é sin a chur san áireamh agus léiríonn an measúnú contanam cleachtas – idir measúnú iomasach, idirghníomhaíochtaí pleanáilte agus imeachtaí measúnaithe (féach Fíor 7).[27] Beidh sé tábhachtach go ndéanfaidh páistí, múinteoirí, príomhoidí, scoileanna agus gníomhaireachtaí náisiúnta, amhail CNCM, agus cigirí scoile machnamh i dtaobh chuma na smaointe seo i scoileanna agus seomraí ranga má táthar chun spiorad na gcoincheap seo a bhaint amach.

**Fíor 7: Contanam measúnaithe mar a léirítear i *nDréachtchreat Curaclaim na Bunscoile***




[27] CNCM, Dréachtchreat Curaclaim na Bunscoile: Le haghaidh Comhairliúcháin.

D'fhéadfadh na ceisteanna a leanas cabhrú leis an bplé ar gach leibhéal sa chóras oideachais a spreagadh:

- An féidir leis na páistí cur síos a dhéanamh ar dhul chun cinn a gcuid foghlama féin?
- Céard atá á fhoghlaim ag na páistí agus cén fáth go bhfuil tábhacht leis sin?
- An féidir leis na páistí an méid atá á bhaint amach acu a mhíniú agus conas is mian leo tuilleadh dul chun cinn a dhéanamh?
- An féidir le múinteoirí cur síos a dhéanamh ar an dul chun cinn foghlama sa seomra ranga féin agus an féidir le príomhoidí cur síos a dhéanamh ar an dul chun cinn foghlama sna scoileanna?
- An féidir le cigirí oibriú le scoileanna chun fianaise a bhailiú chun bonn eolais a chur faoin dul chun cinn in aistear foghlama scoile amach anseo?
- An féidir le CNCM agus a chomhpháirtithe fianaise a bhailiú chun tacú le tuilleadh dul chun cinn maidir le cur i bhfeidhm Curaclam na Bunscoile athfhorbartha go náisiúnta?

Ní cur amú ama é machnamh a dhéanamh maidir leis an mbealach a d'fhéadfadh an curaclam, oideolaíocht agus measúnú teacht le chéile chun tacú le fís nua le haghaidh oideachas bunscoile na hÉireann agus an bealach a bhféadfaí ról gach páirtí leasmhar a fhorbairt chun tacú le 'spiorad' na físe nua.

**Cliceáil ar an bhfíseán thíos d'achoimre ar na príomhphointí sa chuid seo le do thoil**




**Ceisteanna machnaimh:**

1. Conas a ghlacfaimid páirt i bpróiseas na hathfhorbartha curaclaim ar bhealaí a léiríonn prionsabail an dréachtchreata, m.sh., cruthaitheacht a spreagadh, saoránacht ghníomhach i measc múinteoirí, páistí agus tuismitheoirí?
2. Cé hiad na cuir chuige maidir leis an bhfoghlaim agus teagasc a ghlacfaimid chun na páistí a chumasú chun na hinniúlachtaí in *Curaclam na Bunscoile* athfhorbartha a fhorbairt?
3. Conas a chuirfimid cuir chuige maidir le measúnú chun cinn, measúnú a thacóidh leis an dul chun cinn?

## Neamhspleáchas

Chuir na tuarascálacha ón gcéad dá sheimineár *Leading Out* béim ar choincheapa an neamhspleáchais agus na solúbthachta mar chuid de churaclam bunscoile athfhorbartha. Leagadh béim ar réimse leathan topaicí a bhaineann leis an neamhspleáchas le linn na seimineár, mar shampla, éagsúlacht; an páiste gníomhaíoch; agus daonlathú an oideachais. Aithníodh chomh maith go mbíonn tionchar ag neamhspleáchas agus solúbthacht ar an gcóras oideachais ar an iomlán, lena n-áirítear múinteoirí, páistí, tuismitheoirí, ceannairí scoile, seirbhísí tacaíochta agus cigirí. Tagann an pointe maidir leis an gcóras oideachais ar an iomlán le hanailís acadúil a fhéachann ar an neamhspleáchas mar rud a bhfuil baint dhlúth aige le struchtúr.[28] I bhfís an dréachtchreata, gné struchtúrach den oideachas, tugtar aird ar an neamhspleáchas:

> *Tuigeann **Dréachtchreat Curaclaim na Bunscoile** gur ionann an páiste agus gníomhaí cumasach a roinneann cumhacht agus neamhspleáchas leis an duine fásta. Is le comhoibriú idir daoine fásta agus páistí a chuirtear an curaclam le haghaidh an pháiste ghníomhaíoch le chéile. Treoraíonn na daoine fásta an próiseas foghlama, bunaithe ar a gcuid foghlama, taithí saoil agus acmhainní féin. Léiríonn oideolaíocht ina bhfuil breathnóireacht, taifead theanga na bpáistí, smaointe agus spéiseanna, agus plé ar an bhfoghlaim le páistí neamhspleáchas an pháiste.*[29]

Léiríonn an réimse réimsí agus fachtóirí a aithnítear mar chuid den neamhspleáchas an gá atá ann le haghaidh sainmhíniú soiléir ar an neamhspleáchas ionas gur féidir iarrachtaí chun é a chur i mbun oibríochta a chur in iúl agus machnamh a dhéanamh air. Is féidir neamhspleáchas a shainmhíniú mar seo a leanas: 'toil agus cumas an duine aonair gníomhú'.[30] Is coincheapa faoi leith iad neamhspleáchas agus struchtúr ach bíonn siad ag idirghníomhaíocht agus bíonn tionchar acu ar an gcuraclam. Mar shampla, bíonn tionchar ag gníomhartha na bpáistí, struchtúr an churaclaim, agus na hionchais i dtaobh meastóireacht agus cuntasacht ghairmiúil ar na cinntí a dhéanann múinteoirí. Is gnéithe ar leith iad tuiscint ar an neamhspleáchas agus feidhmiú an neamhspleáchais ach tá siad bainteach go dlúth lena chéile. An impleacht a bhaineann leis seo ná go bhfuil gá ann go mbeadh tuiscint ag páistí, múinteoirí agus gníomhaithe eile i scoileanna ar an neamhspleáchas agus ansin go mbíonn deiseanna ag teastáil uathu chun an neamhspleáchas sin a fheidhmiú (féach Fíor 8 thíos).

**Fíor 8: Tuiscint ar an neamhspleáchas sa teagasc agus san fhoghlaim**




[28] Archer, Structure, Agency, and the Internal Conversation.
[29] CNCM, Sraith Seimineár 'Leading Out': Seimineár 2 (Feabhra 2020).
[30] Gao, Strategic Language Learning: The Roles of Agency and Context.

Tá ról tábhachtach ann do dhéantóirí beartas chun tacú leis an neamhspleáchas, mar shampla, trí am agus spás do mhúinteoirí a chruthú chun machnamh a dhéanamh agus foghlaim. Tá 'Am Solúbtha' sa dréachtchreat, rud a spreagann scoileanna cinntí a dhéanamh maidir leis an gcaoi is fearr leis an am seo a leithdháileadh ar theagasc, ar fhoghlaim agus ar mheasúnú ar bhealaí solúbtha agus cruthaitheacha. Tá gá ann chomh maith bheith feasach go mbíonn tionchar ag measúnuithe seachtracha ar chinnteoireacht ghairmiúil na múinteoirí agus ar thaithí foghlama na bpáistí, rud a fuair suirbhé de chuid Chumann Múinteoirí Éireann/Centre for Assessment Research, Policy in Education.[31] Mar sin de, tá baint dhlúth ag an measúnú le neamhspleáchas na bpáistí agus múinteoirí.

Chomh maith le húsáid sholúbtha ama ar fud an churaclaim, tá gnéithe éagsúla ag an dréachtchreat a spreagann neamhspleáchas: na príomhinniúlachtaí; struchtúr níos comhtháite le haghaidh Céim 1 agus Céim 2; agus tuiscint ar an oideolaíocht mar chur chuige freagrúil i leith riachtanais foghlama, shóisialta agus mhothúchánacha na bpáistí bunaithe ar idirghníomhaíochtaí ardchaighdeáin.

Mar a théann athfhorbairt an churaclaim chun cinn beidh sé tábhachtach an curaclam a chosaint ar dhoiléireacht agus easpa struchtúir agus a aithint go bhfuil an tuiscint ar neamhspleáchas mar chuid de 'aistear' fhorbairt ghairmiúil an churaclaim. Leagann na saincheisteanna seo béim ar an ngá atá ann samplaí de neamhspleáchas a fhorbairt. Níor cheart go mbeadh na samplaí seo ina n-eiseamláirí, ach ina ndeiseanna chun feidhmiú an neamhspleáchais a dhéanamh follasach agus machnamh na bpáirtithe leasmhara a spreagadh chun cabhrú leo an chuma atá ar an neamhspleáchas feidhmithe a shoiléiriú. Mar shampla, cumasaítear le feidhmiú an neamhspleáchais roghanna a dhéanamh maidir leis an bhfoghlaim agus teagasc, lena n-áirítear rannpháirtíocht na bhfoghlaimeoirí leis an spraoi. Bheadh samplaí oiriúnacha bunaithe ar chuspóir agus iontaofacht agus thiocfaidís go dlúth le prionsabail Churaclam na Bunscoile. Ar mhaithe leis an rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara a fhorbairt, d'fhéadfadh múinteoirí samplaí den neamhspleáchas a chruthú i gcomhpháirt le CNCM mar thoradh ar chleachtais nua a thriail. Tá roinnt samplaí den neamhspleáchas feidhmithe le feiceáil cheana féin mar chuid de na huirlisí úsáide a forbraíodh chun tacú le *Curaclam Teanga na Bunscoile*[32] (féach Fíor 9 thíos). Cabhróidh an cur chuige seo maidir le forbairt na samplaí le páirtithe leasmhara, lena n-áirítear múinteoirí, ceannairí scoile, tuismitheoirí agus eile, seilbh a ghlacadh ar fhís an churaclaim agus é a chur i gnímh.

**Fíor 9: Samplaí d'Fhoghlaim na bPáistí ó Uirlisí Úsáide Teanga na Bunscoile**




[31] Féach: https://www.dcu.ie/sites/default/files/carpe/carpeinto_standardised_testing_survey_web.pdf.
[32] Féach: https://curriculumonline.ie/Primary/Curriculum-Areas/Primary-Language/Primary-Language-Toolkit/?lang=ga-ie.

Is rud corraitheach é an neamhspleáchas a dhéanamh infheicthe toisc gur féidir leis, a) an córas oideachais a thabhairt lastall den luascadán dénártha a chuireann an fhoghlaim, agus an páiste sa lár, i gcoinne na foghlama, agus an múinteoir sa lár, agus b) cosc a chur ar chlaontacht na ndaoine bheith ag ceapadh gur ionann neamhspleáchas an dalta agus *laissez faire* nó cur chuige scaoilte ó thaobh oideolaíochta ar bhonn idé-eolaíoch.

**Cliceáil ar an bhfíseán thíos d'achoimre ar na príomhphointí sa chuid seo le do thoil**




**Ceisteanna machnaimh:**

1. Cén fáth a bhféadfadh próiseas amháin do chách i leith athfhorbairt an churaclaim bheith mí-oiriúnach?
2. Céard iad na cosúlachtaí agus difríochtaí idir neamhspleáchas múinteoirí agus neamhspleáchas páistí?
3. Céard iad na hiarmhairtí don oideachas bunscoile má éiríonn an treoir don churaclam ró-mhionshonraithe?

# Cuid 2: Cuir i bhFeidhm an Churaclaim a Chumasú

Tá aghaidh tugtha againn ar roinnt de na príomhsmaointe a bhaineann leis an bhfís atá ann do pháistí na hÉireann mar a léirítear sna forbairtí ar an gcuraclam ag leibhéal na bunscoile, go dtí seo. Féachaimid anois i gCuid 2 ar an bhfírinne a bhaineann leis an bhfís a aistriú go cleachtas trí théamaí an ailínithe beartais; ceannaireacht; agus foghlaim.

## Beartas, Cleachtas agus Taighde a Ailíniú

Tá coincheapa an ailínithe agus comhleanúnachais i dtéarmaí beartas, cleachtais agus taighde ríthábhachtach maidir le próisis athfhorbartha curaclaim. Cuirtear síos ar an ailíniú uaireanta mar choincheap teicniúil a dhíríonn ar ghnéithe éagsúla den churaclam a chur i líne chun seasmhacht inmheánach a chur ar fáil chomh maith leis an tírdhreach beartas níos leithne a ailíniú. Déantar é seo ag tús an phróisis athfhorbartha curaclaim go minic. Tá coincheap an chomhleanúnachais bheartas níos dinimiciúla, idirghníomhaí agus suibiachtúla agus baineann sé leis an t-idirphlé idir luachanna agus cúiseanna.[33] Mar sin de, is próiseas leanúnach é an comhleanúnachas a bhaint amach agus chomh maith le hidirbheartaíocht gach gníomhaí chun fís nua don churaclam a léiriú agus a chur i bhfeidhm. I ndeireadh na dála tá fócas ar an ailíniú agus comhleanúnachas riachtanach chun 'córas inniúil' a bhaint amach,[34] in ionad bheith ag díriú ar inniúlacht na múinteoirí amháin.

**Fíor 10: Cur i láthair ón Dr Thomas Walsh le linn *'Leading Out'*: Seimineár 3**




### An curaclam mar théacs agus mar phlé

Maidir le hailíniú agus comhleanúnachas laistigh den churaclam athfhorbartha a bhaint amach, aithnítear an obair atá déanta ag CNCM maidir le beartais, cleachtais agus taighde náisiúnta agus idirnáisiúnta chun fís an churaclaim agus na gnéithe a bhaineann leis, a chur i gcomhthéacs (mar shampla, prionsabail, inniúlachtaí, réimsí curaclaim). Mar sin féin, is doiciméad beo agus cruthú sóisialta é an curaclam agus, mar sin de, ní leor ailíniú agus comhleanúnachas sa téacs scríofa amháin a bhaint amach: is téacs é beartas ach is dioscúrsa é chomh maith.[35] Is féidir le doiciméid churaclaim an rud a spreagann comhráite gairmiúla a sholáthar, comhthéacs lena gceadaítear

[33] Honig agus Hatch, Crafting coherence.
[34] Urban, Vandenbroeck, Lazzari, Van Laere, agus Peeters, Competence requirements in early childhood education and care.
[35] Ball, What is policy? Texts, trajectories and toolboxes.

meonta agus tuairimí a athrú. Tá sé riachtanach go mbeidh gníomhaithe in ann ciall a bhaint,[36] idirbheartaíocht chasta a dhéanamh, bheith ag comhthógáil agus ag gníomhú, go haonarach agus le chéile chun an comhleanúnachas a bhaint amach. Thairis sin, tá riachtanas ann i gcomhair soiléireachta maidir le paraiméadair an neamhspleáchais agus na solúbthachta laistigh de bheartais an churaclaim: céard atá inphléite agus céard nach bhfuil inphléite?; céard iad na gnéithe den churaclam a ndéantar talamh slán díobh agus céard iad na gnéithe ar féidir a chomhfhorbairt?. Is uirlis thar a bheith cumhachtach é curaclam comhfhorbartha le haghaidh athrú fiúntach inbhuanaithe – agus caithfear na doiciméid churaclaim seo a nuashonrú go rialta chun an tuiscint chomhroinnte seo a léiriú mar chuid de chóras orgánach de réir a chéile i dtaobh athbhreithniú agus athchóiriú.

## An curaclam agus tírdhreach níos leithne na mbeartas, na gcleachtas agus an taighde

Tá áit ag an gcuraclam i spás ina bhfuil an beartas reatha curaclaim agus an plé mar chuid de chomhthéacs níos leithne an oideachais agus beartais eile. Tá sé ríthábhachtach go gcuireann an curaclam athfhorbartha deis ar fáil le haghaidh leanúnachais agus aistrithe réidh ón oideachas luath-óige go dtí an t-oideachas iar-bhunscoile. D'fhéadfadh forbairtí, amhail forbairt churaclaim, bheith ina gcúis le héagothroime, glacadh nó diúltú athruithe molta. Ceann de na príomhdhúshláin a bheidh ann ná an t-aistriú ó churaclam níos saintreoraí go dtí creatchuraclam atá níos oscailte, rud atá difriúil leis na gnásanna stairiúla d'fhormhór na múinteoirí in Éirinn ag leibhéal na bunscoile agus do neart oideachasóirí sa chóras níos leithne. Sa chomhthéacs seo, bíonn daoine ag feidhmiú a gcuid neamhspleáchais trí chinntí gairmiúla fad is a bhaineann siad ciall as athruithe ar an gcuraclam, á gcur i bhfeidhm i bpróiseas ina mbaintear ciall as le chéile. Tá sé ríthábhachtach go ndéantar 'zón tionchair' gach gníomhaí i ngach leibhéal den chóras a mhapáil agus a thuiscint ionas go mbainfear córas inniúil amach. Beidh tuilleadh oibre maidir le mapáil na ngníomhaithe idir an leibhéal fornáisiúnta agus an micrealeibhéal, lena n-áirítear pointí idirphlé, idirghníomhaíochta, agus idirspleáchais eatarthu chun a chinntiú go dtuigeann gach gníomhaí cá háit a bhfuil siad sa tírdhreach agus tábhacht a rannchuidiú leis an bpróiseas athraithe.

## Comhleanúnachas an churaclaim mar phróiseas

Cé go bhfuil ailíniú agus comhleanúnachas beartas ríthábhachtach maidir le dearadh agus cur i bhfeidhm an churaclaim, ní féidir iad a bhaint amach ar bhealach atá go hiomlán foirfe. Níl sa dearadh ach an chéad chéim agus cé gur cheart é go gcuirfeadh sé seo na tosca le haghaidh comhleanúnachais ar bun, gan idirbheartaíocht, ciall agus idirghníomhaíocht athchúrsach ní bheidh gníomhaithe aonair ar fud an chórais in ann seilbh a ghlacadh ar an gcuraclam athfhorbartha. Is tríd an bpróiseas seo ina mbaineann daoine ciall as na saincheisteanna ina n-aonar agus le chéile, a dhéanfar fíor-athruithe inbhuanaithe, in ionad an t-athrú a chur i gcomhthéacs mar imeacht. Ní mór go gceadódh dearadh an churaclaim spás le haghaidh fás agus athchóiriú leanúnach i gcomhair nuálaíochta agus cruthaitheachta. Bíonn an chruthaitheacht agus nuálaíocht a eascraíonn as comhthéacsú áitiúil agus baint céille na gcuraclam, fiú sna cásanna ina mbaineann neamhréir leis seo, táirgiúil agus riachtanach. Is forbairt dhearfach é obair an Fhóraim Scoileanna agus an bealach a bhfuil na scoileanna sin ina n-ambasadóirí áitiúla ar son athruithe, chomh maith le meabhrúchán maidir leis an ngá atá ann chun dlúth-rannpháirtíocht le scoileanna a

[36] Pietarinen, Pyhalto agus Soini, Large-scale Curriculum Reform in Finland.

choinneáil agus iad ina bpríomhshuíomhanna le haghaidh athrú an churaclaim. Dá mhéad páirtithe leasmhara a bhíonn nasctha leis an bpróiseas agus lena chéile, is ea is toilteanaí a bhíonn siad tacú leis na róil atá acu agus an curaclam á athrú, agus an t-athrú sin a bhaint amach. Is bealaí úsáideacha iad cruinnithe déthaobhacha nó iltaobhacha idir braislí scoileanna (chomh maith le gníomhaithe eile ó leibhéil éagsúla an chórais), nó taifead a choinneáil ar na próisis forbartha curaclaim, chun an dlúth-rannpháirtíocht seo a leathnú agus a roinnt.

Go hachomair, is coincheapa fíorthábhachtacha iad na trí shaincheist a bhaineann le soiléireacht (i dtéarmaí teanga, ról agus freagrachtaí), castacht (dinimic cumhachtaí, comhthógáil an churaclaim, an méid atá inphléite a chur in iúl) agus cultúr (creidimh agus ionchais, struchtúir a thacaíonn lena bhfuil i gceist leis an gcuraclam) le haghaidh ailínithe agus comhleanúnachais. Is múnla úsáideach é *Integrity Model of Change* de chuid Hayward agus Spencer[37] le machnamh a dhéanamh air toisc go bhfuil baint aige le gach gníomhaí agus leibhéal sa chóras oideachais. Baintear athrú inbhuanaithe amach sa chás seo bunaithe ar mheascán d'iontaofacht oideachais, iontaofacht phearsanta agus ghairmiúil, agus iontaofacht chórasach. Tá castacht shuntasach ag baint le hathfhorbairt an churaclaim de bharr an t-athrú ar an bhfís agus na luachanna, ag cur isteach ar an éiceachóras reatha oideachais a múnlaíodh laistigh de chomhthéacs faoi leith le himeacht aimsire.

**Cliceáil ar an bhfíseán thíos d'achoimre ar na príomhphointí sa chuid seo le do thoil**




**Ceisteanna machnaimh**

1. Céard iad na buanna reatha a bhaineann le tírdhreach beartais oideachais na hÉireann maidir le hailíniú agus comhleanúnachas a bhaint amach?
2. Cén saineolas ar féidir leat féin agus le d'eagraíocht a thabhairt don chóras sa phróiseas bainistíochta um athrú curaclaim?
3. Cé hiad na gníomhaíochtaí agus struchtúir a bheadh cabhrach chun a éascú do pháirtithe leasmhara go náisiúnta agus ar leibhéal na scoile ciall a bhaint as, idirbheartaíocht a dhéanamh agus an curaclam a chomhthógáil?

*Tá na smaointe a chuirtear in iúl sa chuid seo den pháipéar pléite ag eagraíochtaí na bpáirtithe leasmhara trí Shraith Seimineár 'Leading Out'. Is féidir teacht ar podchraoladh tacaíochta ón Dr Thomas Walsh anseo agus cur i láthair ó sheimineár a trí ó Leading Out anseo.*

[37] Hayward, agus Spenser, The complexities of change: Formative assessment in Scotland.

## Ceannaireacht

Beidh gá le haird a thabhairt don cheannaireacht oideachais agus na tosca chun forbairt agus cur i bhfeidhm an churaclaim i ngach scoil in Éirinn a chothú. Ní fhorbróidh na tosca a theastaíonn chun tacú leis an athrú curaclaim ar an scála a leagtar amach sa dréachtchreat astu féin i bhformhór na scoileanna. Leagann an taighde béim i gcónaí ar thábhacht na ceannaireachta, go háirithe ag an leibhéal áitiúil, ionas go n-éireoidh le cur i bhfeidhm beartas treorach agus curaclaim.[38]

Is iondúil go mbíonn an plé maidir le ceannaireacht oideachais dírithe ar dhaoine nó áiteanna, áfach. Scríobhann scoláirí faoi cheannaireacht múinteoirí, ceannaireacht príomhoidí agus mar sin de. Labhraíonn siad faoin gceannaireacht scoile agus faoin gceannaireacht chórais. Ní bhaineann ceannaireacht oideachais go dlúth le háiteanna ná daoine, áfach. Cé go bhfuil an méid a dhéanann príomhoide tábhachtach i dtéarmaí na ceannaireachta scoile a mbíonn taithí ag páistí, tuismitheoirí agus foireann na scoile air, bíonn níos mó i gceist. Bíonn sé ag idirghníomhú le daoine agus déantáin eile laistigh agus lasmuigh den scoil chun an cheannaireacht a fheictear a mhúnlú. Tá sé tábhachtach aird a thabhairt ar an gceannaireacht oideachais chun cur i bhfeidhm an churaclaim a chumasú agus tugaimid breac-chuntas ar chreat anseo maidir leis an mbealach ar féidir smaoineamh faoi in ionad na nithe a dhíríonn ar dhaoine agus áiteanna amháin.

**Fíor 11: Cur i láthair ón Oll. James Spillane ag *'Leading Out'*: Seimineár 4**




Dírímid go háirithe ar *chleachtas na ceannaireachta*, á chur in iúl mar chleachtas atá ar fud an chórais. Ar an dóigh seo, sonraítear cleachtas na ceannaireachta oideachais leis na hidirghníomhaíochtaí i measc páirtithe leasmhara iomadúla (príomhoidí, múinteoirí, ceannairí córais, cigireacht, páistí, tuismitheoirí, múinteoirí) agus déantáin (mar shampla, curaclam, ciorcláin, beartais) ón seomra ranga go dtí oifig an phríomhoide agus lastall de sin go dtí an pobal agus córas na scoile. Sa chreat seo síneann obair na ceannaireachta oideachais thar leibhéil iomadúla an chórais scoile agus bíonn an méid a tharlaíonn ar leibhéil éagsúla ag idirghníomhú ar bhealaí a múnlaíonn cleachtas na ceannaireachta scoile agus an taithí a mbíonn ag múinteoirí, páistí agus ceannairí scoile air. Tá ceithre phríomhsmaointe ag baint leis an gcreat il-leibhéil seo ar cheannaireacht oideachais.

[38] McLaughlin, The Rand change agent study revisited: Macro perspectives and micro realities. Spillane, Standards deviation: How schools misunderstand education policy.

### An cheannaireacht sa teagasc a dhaingniú

Ar an gcéad dul síos, greamaímid an plé maidir leis an gceannaireacht oideachais sa teagasc. Déanaimid idirdhealú idir an teagasc agus an fhoghlaim: is ionann an teagasc agus an príomh-mheán atá ag scoileanna agus córais scoileanna na tosca chun foghlaim na bpáistí a chumasú a chruthú. Cumasaíonn an cheannaireacht oideachais feabhas i bhfoghlaim an pháiste trí na tosca a theastaíonn le haghaidh teagaisc ardchaighdeáin a chothú. Más mian linn tuiscint a fháil ar an gceannaireacht oideachais agus í a fhorbairt ionas go gcumasóidh sé an cineál foghlama i measc na bpáistí a shonraítear sa dréachtchreat, ní mór dúinn ár bplé a ghreamú sa teagasc toisc gurb é sin an príomh-mheán atá againn chun é sin a bhaint amach.

### Cleachtas na ceannaireachta oideachais

An dara rud atá ann ná cleachtas iarbhír na ceannaireachta oideachais, toisc gurb é seo an áit a mbíonn teagmháil idir an cheannaireacht oideachais agus an tacaíocht do chur i bhfeidhm an dréachtchreata. Bhain forbairt amháin i réimse na ceannaireachta oideachais le blianta beaga anuas le haird a thabhairt ar chleachtas na ceannaireachta; eadhon an bealach lena mbaintear obair na ceannaireachta amach i scoileanna. Dhírigh roinnt taighde ar chleachtas na ceannaireachta ar na gníomhartha nó iompraíocht a bhain le ceannairí éifeachtacha amhail príomhoidí a aithint,[39] díríonn roinnt oibre eile ar na *hidirghníomhaíochtaí* idir daoine, na hidirghníomhaíochtaí atá mar dhlúthchuid de chaidrimh thionchair shóisialta, in ionad gníomhartha na gceannairí aonair.[40] Cuireann peirspictíocht scaipthe cleachtas na ceannaireachta oideachais in iúl mar idirghníomhaíochtaí idir daoine, agus ní hamháin mar ghníomhartha na ndaoine aonair. Is ionann cleachtas ceannaireachta agus an méid a dhéanann daoine le chéile. Má dhírítear ar chleachtas na ceannaireachta ní mór dúinn scrúdú a dhéanamh go córasach ar na hidirghníomhaíochtaí idir an dá chleachtas idirspleácha seo chun na caidrimh idir ceannaireacht agus teagasc a thuiscint d'fhonn na tosca a theastaíonn le haghaidh chur i bhfeidhm an churaclaim a chothú.

### Peirspictíocht scaipthe

Ar an tríú dul síos, ní hamháin go gcuireann peirspictíocht scaipthe béim ar idirghníomhaíochtaí ach tugann sé áit fheiceálach do ghnéithe an cháis i múnlú chleachtas na ceannaireachta. Cuirtear in iúl gur gnéithe riachtanacha an chleachtais cheannaireachta iad gnéithe den chás, amhail gnáthaimh eagraíochtúla (mar shampla, comhthionóil, cuairteanna ar sheomraí ranga) agus déantáin (mar shampla, an creat) toisc go ndíríonn siad ar idirghníomhaíochtaí idir daoine ar bhealaí éagsúla agus cuirtear in iúl iad – cé leis a mbítear ag idirghníomhú, céard faoi, agus an bealach a mbíonn siad ag idirghníomhú lena chéile. Léiríonn an cás an cleachtas ceannaireachta oideachais. Ní mór aird a dhíriú ar an mbealach a gcumasaíonn an cás idirghníomhaíochtaí agus an bealach a gcuireann sé bac leo agus ceannaireacht oideachais á forbairt chun na tosca a theastaíonn le cur i bhfeidhm na bprionsabal agus na gcuspóirí sa chreat a chothú.

[39] Blase, agus Blase, Principals' instructional leadership and teacher development.
[40] Spillane, Distributed leadership (lml. 4).

## Ceannaireacht neamhfhoirmiúil agus fhoirmiúil

Ar an gceathrú dul síos, is cleachtas leabaithe í an cheannaireacht oideachais i scoileanna, lena mbaineann ceannairí foirmiúla agus neamhfhoirmiúla i scoileanna chomh maith le heagraíochtaí eile sa chóras scoile (mar shampla, an Roinn Oideachais, an Chigireacht, Gníomhaireachtaí, lena n-áirítear CNCM, seirbhísí tacaíochta, Ceardchumainn, Comhlachtaí Bainistíochta) atá rannpháirteach maidir le tacú le forbairt agus cur i bhfeidhm an churaclaim. Díríonn an taighde ar chleachtas na ceannaireachta oideachais ar an méid a tharlaíonn i bhfoirgneamh na scoile amháin go minic. Tá sé níos casta ná sin, áfach, toisc go mbíonn ceannairí scoile agus múinteoirí mar chuid de chaidrimh le daoine agus déantáin lasmuigh de chóras na scoile, a mbíonn tionchar aige ar chleachtas na ceannaireachta sa scoil. Bíonn an cheannaireacht scaipthe go cothrománach laistigh de na scoileanna agus go hingearach ar fud chóras na scoile mar sin de.

Má fhéachtar ar an gceannaireacht oideachais *go córasach*, mar fheiniméan il-leibhéil *ar fud an chórais*, cuireann sé iachall orainn féachaint lastall d'aon fhoinse ceannaireachta amháin le haghaidh teagaisc amhail an scoil nó an Roinn Oideachais.[41] Anuas air sin, bíonn níos mó i gceist ná foinsí éagsúla na ceannaireachta sa chóras scoile a chumasc. Chun peirspictíocht scaipthe il-leibhéil a shásamh teastaíonn scrúdú córasach ar an mbealach a mbíonn foinsí éagsúla ceannaireachta i gcóras na scoile ag idirghníomhú chun cleachtas na ceannaireachta oideachais a mhúnlú. Tá baint níos dlúithe aige leis an iolrúchán ná suimiúchán!

**Cliceáil ar an bhfíseán thíos d'achoimre ar na príomhphointí sa chuid seo le do thoil**




**Ceisteanna machnaimh**

1. Conas a bhíonn an cheannaireacht i leith teagaisc scaipthe i measc na foirne agus páirtithe leasmhara i mbunscoileanna na hÉireann?
2. Céard iad láidreachtaí agus laigí chóras oideachais na hÉireann maidir le tacaíocht a thabhairt don pheirspictíocht scaipthe il-leibhéil?
3. Conas a fhéadfadh tusa agus d'eagraíocht tacú le smaointeoireacht scaipthe il-leibhéil maidir le ceannaireacht oideachais i mbunscoileanna na hÉireann?

*Tá na smaointe a chuirtear in iúl sa chuid seo den pháipéar pléite ag eagraíochtaí na bpáirtithe leasmhara trí Shraith Seimineár 'Leading Out'. Is féidir podchraoladh tacaíochta ón Oll. James Spillane a fháil anseo agus cur i láthair ó 'Leading Out': Seimineár 4 a fháil anseo.*

[41] Spillane, Morel, agus Al-Fadala, Educational Leadership: A Multilevel Distributed Perspective.

# Foghlaim - Croí an Churaclaim, na hOideolaíochta agus an Mheasúnaithe

Tá Éire in áit mhaith chun glacadh le múnla nua athraithe curaclaim mar gheall ar thraidisiún seanbhunaithe na Roinne Oideachais agus páirtithe leasmhara bheith ag obair as lámh a céile chun an curaclam a fhorbairt. Tá próiseas athraithe atá greamaithe leis an bhfoghlaim faoi athrú curaclaim agus leis an bhfoghlaim le haghaidh athrú curaclaim ag baint leis an gcur chuige seo. Beidh ar chách atá páirteach foghlaim faoi fhorbairt agus cur i bhfeidhm an churaclaim, chomh maith le tacaíocht a thabhairt dó, ionas go bhfeicfidh prionsabail agus cuspóirí churaclam bunscoile athfhorbartha na hÉireann sa seomra ranga. Léiríonn an liosta a leanas roinnt den smaointeoireacht atá ag teastáil.

1. **Foghlaim Cách:** Beidh ar gach páirtí leasmhar bheith ag foghlaim chun an fhoghlaim atá beartaithe againn do na mianta atá leagtha amach in *Dréachtchreat Curaclaim na Bunscoile* a bhaint amach, .i. múinteoirí, tuismitheoirí, páistí, ceannairí scoile, lucht déanta beartas, cigirí, agus iad siúd atá rannpháirteach in oideachas tosaigh múinteoirí. Toisc gur gníomhaithe an athraithe curaclaim iad gach páirtí leasmhar, beidh foghlaim le chéile ag teastáil chun é a chur i bhfeidhm toisc go gceadóidh sé a) an curaclam a dhéanamh ábhartha do chúinsí áitiúla; b) rioscaí agus dúshláin roimh an chuir i bhfeidhm a aithint, agus c) réitigh ar na dúshláin seo a fhorbairt.

2. **Foghlaim ag Lárphointe na Físe Nua Curaclaim agus Cleachtas Reatha Curaclaim:** Mar chuid den fhoghlaim beifear ag déanamh machnaimh ar chleachtais reatha chomh maith leis na prionsabail agus cuspóirí atá sa chreat in ionad bheith dírithe go hiomlán ar churaclam saintreorach. Tugann an fhís a fhorbraítear sa chreat prionsabail agus cuspóirí le haghaidh athshamhlú an oideachais bhunscoile, agus is príomh-acmhainní iad cleachtais reatha curaclaim na scoileanna a fhorbróidh siad agus a athróidh siad chun na smaointe nua a chur i bhfeidhm.

3. **Foghlaim mar Aistear:** Fad is a choinnímid oideachas bunscoile na hÉireann, ar taithí faoi leith sin, aithnímid go bhfuil an taithí seo mar chuid d'aistear níos leithne foghlama atá idir an t-oideachas luath-óige agus foghlaim na sraithe sóisearaí. Agus muid ag aithint tréith seo an oideachais bhunscoile, glacaimid chugainn féin dearcadh nua-aimseartha ar an bhfoghlaim agus í mar chuid d'aistear a fhorbraíonn taithí na bpáistí sna luathbhlianta fad is a bhítear ag súil le foghlaim na sraithe sóisearaí. Mar sin de, tá cumarsáid ghairmiúil láidir ag teastaíl idir páirtithe leasmhara na mbunscoileanna, na luath-óige agus na sraithe sóisearaí chun taithí foghlama gan stró a chruthú do pháistí ar fad na hÉireann.


4. **Foghlaim go hÁbhartha:** Tá an fhoghlaim ábhartha nasctha le deiseanna agus dúshláin le haghaidh cleachtais, nithe a bhíonn roimh pháirtithe leasmhara mar a fhorbraíonn agus mar a chuireann siad an creat i bhfeidhm. Cé go bhfuil sé greamaithe le fís chomhroinnte, beidh na dúshláin chleachtais difriúil ag brath ar na páirtithe leasmhara agus a gcásanna féin. Beidh na dúshláin a bheidh ag múinteoirí agus iad ag dearadh agus ag déanamh ceachtanna difriúil leis na dúshláin a bheidh roimh cheannairí scoile nó cigirí agus iad ag obair chun tacú le múinteoirí. Ní mór dúinn glacadh leis na cásanna éagsúla seo mar dheis don fhoghlaim ábhartha.

5. **Foghlaim le Chéile:** Cé go mbeidh ar pháirtithe leasmhara bheith ag foghlaim nithe difriúla, beidh sé tábhachtach go bhfoghlaimeoidh páirtithe leasmhara éagsúla le chéile chun a chinntiú go mbeidh an córas oideachas seasmhach agus é ag tacú le forbairt agus cur i bhfeidhm churaclam nua na bunscoile. Beidh an fhoghlaim a chlúdóidh grúpaí leasmhara riachtanach chun tuiscintí comhroinnte a fhorbairt.

6. **Dul chun cinn san Fhoghlaim:** Is ionann dul chun cinn san fhoghlaim agus na naisc a dhéanann páistí agus a múinteoirí idir cleachtas laethúil an tseomra ranga agus forbairt na bpáistí le himeacht aimsire. Cuireann measúnú i gcomhair foghlama bonn eolais fúthu. Bíonn dul chun cinn san fhoghlaim tábhachtach do pháirtithe leasmhara éagsúla chomh maith, arb iadsan príomhghníomhaithe an athraithe curaclaim toisc go cabhraíonn siad leis an bhfoghlaim a ghreamú i bhfís nua don oideachas bunscoile agus sna dúshláin a bhíonn roimh pháirtithe leasmhara agus iad ag forbairt agus ag cur curaclam i bhfeidhm a léiríonn an fhís sin.

7. **Foghlaim mar Scéalaíocht:** Bímid ag foghlaim agus muid ag insint agus ag athinsint scéalta maidir lenár gcuid taithí agus tá traidisiún scéalaíochta in Éirinn leis na céadta bliain, agus ar fud an domhain. Cumasaíonn an scéalaíocht an fhoghlaim toisc go mbíonn luachanna ag baint le hinsint faoinár gcuid taithí, chomh maith le tábhacht an chomhthéacs agus ní mór cuspóirí agus mianta a mhíniú.[42] Is féidir linn cabhrú le páirtithe leasmhara an fhoghlaim a athshamhlú le haghaidh fhorbairt agus chur i bhfeidhm an churaclaim leis an scéalaíocht. Mar a bhíonn páirtithe leasmhara rannpháirteach i bhforbairt agus i gcur i bhfeidhm fhís an churaclaim athfhorbartha, cuireann an scéalaíocht uirlis chumhachtach ar fáil dúinn chun na cleachtais reatha a ghabháil chomh maith le hiarrachtaí chun cleachtais agus prionsabail nua a chur i bhfeidhm agus na dúshláin a bhaineann leo. Cumasaíonn an scéalaíocht an fhoghlaim le chéile toisc go spreagann sé cineál roinnte a chumasaíonn forbairt tuiscintí coiteanna.

**Fíor 12: Sleamhnán ó chur i láthair ón Dr Thomas Walsh le linn *'Leading Out'*: Seimineár 3**




[42] Bruner, Actual minds, possible worlds.

Tá tús curtha ag CNCM agus a pháirtithe leasmhara cheana féin leis an aistear foghlama chun an curaclam bunscoile a athfhorbairt. Tá go leor foghlaim ábhartha ag tarlú agus páirtithe leasmhara ag dul i ngleic le himpleachtaí an athraithe seo ar na róil agus freagrachtaí atá acu san oideachas bunscoile. Mar gheall ar an bhfoghlaim le chéile bainistíodh an próiseas ag seimineáir ar an gcuraclam, imeachtaí comhairliúcháin agus seimineáir de chuid *'Leading Out'*. Baileoidh CNCM agus a pháirtithe leasmhara scéalta a mbeidh siad in ann a roinnt le daoine eile a bhfuil baint acu le hoideachas na bunscoile mar a fhoghlaimíonn gach duine le chéile le rannpháirtíocht maidir leis an athrú curaclaim.

**Cliceáil ar an bhfíseán thíos d'achoimre ar na príomhphointí sa chuid seo le do thoil**




**Ceisteanna machnaimh:**

1. Cén tuiscint atá agat ar fhís *Dréachtchreat Curaclaim na Bunscoile* le haghaidh oideachas bunscoile na hÉireann?

2. Cé na deiseanna atá ann, nó a fhéadfaí a chruthú, chun tacú le 'foghlaim cách' agus 'foghlaim le chéile' chun cur i bhfeidhm an chreata a chur chun cinn?

3. Conas is féidir le 'dul chun cinn san fhoghlaim' agus 'foghlaim mar scéalaíocht' tacú le páirtithe leasmhara agus iad ag smaoineamh faoi riosca féideartha agus na bealaí chun dul i ngleic leo?

## Focail scoir

Tugann *Dréachtchreat Curaclaim na Bunscoile* deis uathúil dúinn foghlaim agus teagasc na bpáistí, a stiúrfaidh todhchaí na hÉireann mar shaoránaigh, a fheabhsú. Tógadh an dréachtchreat go comhpháirteach agus ní mór na sonraíochtaí ábhartha a bheidh ag teastáil chun tacú leis an gcreat amach anseo a fhorbairt go comhpháirteach. Baintear an-úsáid as an bhfocal 'páirtí leasmhar' ach is deis é seo, nach bhfuil a shárú ann aon áit ar domhan, do chách bheith ag obair le chéile chun an fhís eiseamláireach seo a bhaint amach. Cé go bhfuil fócas na bhforbairtí ar an gcuraclam, is tríd an oideolaíocht agus measúnú a chuirtear an curaclam i bhfeidhm. Tuigtear go maith dúinn ón taighde agus ón gcleachtas gurb é an cur i bhfeidhm an tástáil is fearr, croí laethúil oideachas na bunscoile.

Is dúshlán mealltach é an aidhm a bhaineann le hailíniú an bheartais agus an chleachtais leis an taighde. Léirítear glór na bpáirithe leasmhara i dtéacs an dréachtchreata ach tá cur i bhfeidhm comhpháirteach ag teastáil ionas nach mbeidh téacs an churaclaim ina bhladhmann. Beidh múinteoirí, páistí agus gach duine a bhfuil baint aige leis an gcuraclam a gcuid neamhspleáchais a úsáid chun an taithí a mhúnlú agus bheith bródúil as. Is ceannairí iad gach duine a bhfuil baint acu leis an gcóras ar go leor bealaí tábhachtacha lena gcuid neamhspleáchais. Nuair a bhíonn gnéithe éagsúla an churaclaim, na hoideolaíochta agus an mheasúnaithe mar chuid de scéal foghlama comhroinnte, is iad na páistí a bhaineann an tairbhe is mó astu.

Táimid ag súil le bhur bhfreagairtí maidir leis na smaointe atá sa doiciméad seo a fháil agus machnamh a dhéanamh ar an taithí atá agaibh maidir le forbairt an churaclaim mar a bhogtar ar aghaidh leis.

Is féidir rochtain a fháil ar gach rud a bhaineann le hábhar an doiciméid seo anseo.

# Liosta na dTagairtí


Archer, M. (2003). *Structure, agency, and the internal conversation*. Cambridge, an Ríocht Aontaithe: Cambridge University Press.

Bacon, K. (2018). *Curriculum Integration*. Arna choimisiúnú ag an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta. Ar fáil ar: https://ncca.ie/media/3499/seminar-two_bacon-paper.pdf

Ball, S. (1993). *What is policy? Texts, trajectories and toolboxes. Discourse: Studies in the Cultural Politics of Education*. Londain: Routledge.

Blase, J., agus Blase, J. (1999). *Principals' instructional leadership and teacher development: Teachers' perspectives.* Educational administration quarterly, 35(3), 349-378.

Bruner, J. S. (2009). *Actual minds, possible worlds*. Boston: Harvard University Press.

An Roinn Oideachais agus Eolaíochta (1999). *Curaclam na Bunscoile*. Baile Átha Cliath: Foilseacháin Rialtais.

An Roinn Oideachais agus Scileanna (2011). *Litearthacht agus Uimhearthacht don Fhoghlaim agus don Saol: An Straitéis Náisiúnta chun an Litearthacht agus an Uimhearthacht a Fheabhsú i measc Leanaí agus Daoine Óga 2011-2020*. Baile Átha Cliath: ROS. Le fáil ar: https://www.education.ie/en/publications/policy-reports/lit_num_strategy_full.pdf.

An Roinn Oideachais agus Scileanna (2019*). Curaclam Teanga na Bunscoile (Scoileanna ina nDéantar an Teagasc trí Mheán an Bhéarla)*. Baile Átha Cliath: ROS. Ar fáil ar: https://curriculumonline.ie/getmedia/2a6e5f79-6f29-4d68-b850-379510805656/PLC-Document_English.pdf

Gao, X. (2010). *Strategic language learning: The roles of agency and context*. Clevedon: Multilingual Matters.

Hayward, L. (2015). *Assessment is learning: the preposition vanishes. Assessment in Education: Principles, Policy & Practice*, 22 (1), lch 27- 43.

Hayward, L. agus Spenser, E. (2010). *The complexities of change: Formative assessment in Scotland*. Curriculum Journal 21 (2), 161-77.

Honig, M. agus Hatch, T. (2004). *Crafting coherence: How schools strategically manage multiple external demands. Educational Researcher*, 33 (8), 16-30.

Irwin, J. (2018). *Towards a Values-Led Redevelopment of the Primary Curriculum. Arna choimisiúnú ag an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta*. Ar fáil ar: https://ncca.ie/media/4427/towards-a-values-ledredevelopment-of-the-primary-curriculum.pdf

Lysaght, Z., Scully, D., Murchan, D., O' Leary, M. agus Shiel, G. (2019). *Aligning Assessment, Learning and Teaching in Curricular Reform and Implementation.* Arna choimisiúnú ag an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta. Ar fáil ar: https://ncca.ie/media/4442/aligning-assessment-learning-and-teaching-in-curricular-reform-andimplementation.pdf

McGuiness, C. (2018). *Research-Informed Analysis of 21st Century Competencies in a Redeveloped Primary Curriculum*. Arna choimisiúnú ag an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta. Ar fáil ar: https://ncca.ie/media/4434/research-informed-analysis-of-21st-century-competencies-in-a-redevloped-curriculum.pdf

McLaughlin, M. W. (1990). *The Rand change agent study revisited: Macro perspectives and micro realities.* Educational researcher, 19(9), 11-16.   Spillane, J. P. (2009). Standards deviation: How schools misunderstand education policy. Harvard University Press.

CNCM (2005). *Primary Curriculum Review, Phase 1 Final Report with Recommendations*. Baile Átha Cliath: CNCM. Le fáil ar: https://ncca.ie/media/4436/primary-curriculum-review-phase-1-final-report-with-recommendations.pdf.

CNCM (2008). *Primary Curriculum Review, Phase 2 Final report with Recommendations*. Baile Átha Cliath: CNCM. Le fáil ar: https://ncca.ie/media/4437/primary-curriculum-review-phase-2-final-report-with-recommendations.pdf.

CNCM (2012). *Priorities in Primary Education? Report on responses to 'Have your Say'* Baile Átha Cliath: CNCM. Ar fáil ar: https://ncca.ie/media/2273/priorities-for-primary-education.pdf

CNCM (2015). *Curaclam Teanga na Bunscoile (Scoileanna ina nDéantar an Teagasc trí Mheán an Bhéarla).* Baile Átha Cliath: CNCM. Ar fáil ar: https://www.curriculumonline.ie/getmedia/524b871d-1e20-461f-a28c-bbca5424112d/Primary-Language-Curriculum_1.pdf

CNCM (2016). *Moltaí i dtaca le struchtúr agus leithdháileadh ama i gcuraclam athfhorbartha bunscoile*: le haghaidh comhairliúcháin. Le fáil ar: https://ncca.ie/media/1348/consultation_document_proposals_structureandtime_ncca.pdf.

CNCM (2017). *Comhairliúchán i dtaca leis na moltaí maidir le curaclam san Oideachas faoi Reiligiúin agus faoi Chreidimh (ORC) agus Eitic: Tuarascáil Chríochnaitheach*. Baile Átha Cliath: CNCM. Ar fáil ar: https://ncca.ie/media/1898/consultation_report_erbe_february2017.pdf

CNCM (2018a). *Primary Developments: Consultation on Curriculum Structure and Time Final Report*. Baile Átha Cliath: CNCM. Le fáil ar: https://ncca.ie/media/3242/primary-developments_consultaion-on-curriculum-structure-and-time_final-report.pdf

CNCM (2018b). *Primary Mathematics Curriculum: Draft Specification Junior Infants to Second Class for Consultation.* Baile Átha Cliath: CNCM. Ar fáil ar: https://ncca.ie/media/3148/primary_mathsspec_en.pdf

CNCM (2018c). *Primary Language Curriculum/Curaclam Teanga na Bunscoile Report on the consultation on the draft curriculum for Stage 3 and 4/Céim 3 agus 4*. Baile Átha Cliath: CNCM. Ar fáil ar: https://ncca.ie/media/3626/plc_consultation-report.pdf

CNCM (2018d). *Consultation Report on the Primary Mathematics Curriculum for Junior Infants to Second Class*. Baile Átha Cliath: CNCM. Ar fáil ar: https://ncca.ie/media/3605/pmc_consultation_report_july2018.pdf

CNCM (2019a). *Primary Curriculum Review and Redevelopment: Report of main Findings from parents on the Review and Redevelopment of the Primary Curriculum*. Baile Átha Cliath: CNCM. Le fáil ar: https://ncca.ie/media/4431/primary-curriculum-review-and-redevelopment-report-of-main-findings-from-parents-on-the-review-and-redevelopment-of-the-primary-curriculum.pdf.

CNCM (2019b). *Primary Curriculum Review and Redevelopment Synthesis Report on Stakeholder Curriculum Seminars.* Baile Átha Cliath: CNCM. Ar fáil ar: https://ncca.ie/media/4518/seminar-synthesis-report.pdf

CNCM (2019c). *Early Childhood and Primary Developments Consulting with children: Child voice in curriculum developments*. Baile Átha Cliath: CNCM. Le fáil ar: https://ncca.ie/media/4039/consultingwithchildren_primary.pdf.

CNCM (2019d). *Primary Coding: Final Report on the Coding in Primary Schools Initiative.* Baile Átha Cliath: CNCM. Ar fáil ar: https://ncca.ie/media/4155/primary-coding_final-report-on-the-coding-in-primary-schools-initiative.pdf

CNCM (2020). *Dhréachtchreat Curaclaim na Bunscoile: le haghaidh comhairliúcháin*. Baile Átha Cliath: CNCM.

O' Donnell, S. (2018b). *Audit of the Content of Early Years and Primary Curricula in Eight Jurisdictions - Key findings synthesis: curriculum breadth, depth and organisation*. Arna choimisiúnú ag an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta. Ar fáil ar: https://ncca.ie/media/4835/audit-of-the-content-of-early-years-and-primary-key-findings.pdf

O' Donnell, S. (2018a). *Audit of the Content of Early Years and Primary Curricula in Eight Jurisdictions – Overview report*. Arna choimisiúnú ag an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta. Ar fáil ar: www.ncca.ie/media/3928/international-audit-overview-report.pdf

Pietarinen, J., Pyhalto, K. agus Soini, T. (2017). *Large-scale Curriculum Reform in Finland – Exploring the Interrelation between Implementation Strategy, the Function of the Reform, and Curriculum Coherence*. The Curriculum Journal 28 (1), lgh 22-40.

Ring, E., O' Sullivan, L., Ryan, M. agus Burke, P. (2018). *A Melange or a Mosaic of Theories? How Theoretical Perspectives on Children's Learning and Development Can Inform a Responsive Pedagogy in a Redeveloped Primary School Curriculum*. Arna choimisiúnú ag an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta. Ar fáil ar: https://ncca.ie/media/4425/theoretical-perspectives-on-childrens-learning-and-development.pdf

Shuey, E.A., Najung, K., Cortazar, A., Poblete, X., Rivera, L., Lagos, M.J., Faverio, F. agus Engel, A. (2019). *Curriculum Alignment and Progression between Early Childhood Education and Care and Primary School: A Brief Review and Case Studies. OECD Education Working Paper Uimh*. 193. OECD Publishing Paris. Arna choimisiúnú ag an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta. Ar fáil ar: https://ncca.ie/media/4494/curriculum-alignment-andprogression-between-early-childhood-education-and-care-and-primary-school.pdf

Smyth, E. (2018). *The Transition to Primary Education: Insights from the Growing Up in Ireland Study*. Baile Átha Cliath: An Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta. Arna choimisiúnú ag an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta. Ar fáil ar: https://ncca.ie/media/4433/the-transition-to-primary-education-insights-from-the-growing-up-inireland-study.pdf

Spillane, J P, Morel, R P agus Al-Fadala, A (2019). *Educational Leadership: A Multilevel Distributed Perspective*. Páipéar arna chur i láthair ag World Innovation Summit for Education (WISE). Doha, Catar.

Spillane, J. P. (2012). *Distributed leadership* (Iml. 4). John Wiley & Sons.

Urban, M., Vandenbroeck, M., Lazzari, A., Van Laere, K. agus Peeters, J. (2011). *Competence requirements in early childhood education and care*. An Bhruiséil: An Coimisiún Eorpach, Ard-Stiúrthóireacht an Oideachais agus an Chultúir. Ar fáil ar: https://www.earlychildhoodireland.ie/wp-content/uploads/2014/02/CoRe-report-Competencies.pdf

Volante, L. (2018). *Effective Pedagogies for a Redeveloped Primary School Curriculum*. Arna choimisiúnú ag an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta. Ar fáil ar: https://ncca.ie/media/3501/seminar_two_volante_paper.pdf

Walsh, T. (2012). *Primary Education in Ireland 1897-1990: Curriculum and Context*. Bern: Peter Lang.

Walsh, T. (2018). *Towards an Overview for the Redeveloped Primary School Curriculum: Learning from the past, learning from others.* Arna choimisiúnú ag an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta. Ar fáil ar: https://ncca.ie/media/4426/towards-an-overview-of-a-redeveloped-primary-school-curriculum-learning-from-the-pastlearning-from-others.pdf

Wyse, D. agus Manyukhina, Y. (2018). *The Place of Knowledge in Curricula: A Research-informed Analysis. Final Report*. Arna choimisiúnú ag an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta. Ar fáil ar: https://ncca.ie/media/4424/the-place-of-knowledge-in-a-redeveloped-curriculum.pdf

Wyse, D., Hayward, L. agus Pandya, J. (Eag.) (2016) *SAGE Handbook of Curriculum, Pedagogy and Assessment*. Londain: SAGE.

NCCA

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment